An Coimisiún Pleanála

# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025

# Clár Ábhar

Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní ........ 3

Tuarascáil an Choimisiúin Pleanála ........ 3

Próifíl Fostaíochta ........ 3

Sonraí ........ 4

An Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní ........ 4

An Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní ........ 5

Baill Foirne Lánaimseartha, Baill Foirne Pháirtaimseartha, agus Baill Foirne Shealadacha5

Ceathairíleanna Ioncaim ........ 8

Ceathairíleanna Aoise ........ 8

Ceathairíleanna Seirbhíse ina mBlianta ........ 9

Conclúidí ........ 10

Aguisín ........ 13

## Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní

Is é atá sa Bhearna Phá idir na hInscní ná an difríocht sa mheánphá san uair an chloig d'fhir agus do mhná ar fud fórsa saothair. Is é atá i gceist leis an mBearna Phá idir na hInscní ná paireacht inscne ar fud na heagraíochta a scrúdú. Níor cheart í a mheascadh le pá comhionann, rud a dhéileálann le difríochtaí pá idir daoine d'inscní difriúla a dhéanann na poist chéanna, poist den chineál céanna nó obair ar luach comhionann.

Ba leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, a tugadh isteach an bunús reachtach do thuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní in Éirinn. Leis an Acht, ceanglaítear ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar an mBearna Phá san uair an chloig idir na hInscní ar fud raon méadrachtaí.

Is í an tréimhse tuairiscithe an tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta léargais, agus an dáta sin san áireamh.

## Tuarascáil an Choimisiúin Pleanála

Is í an tréimhse tuairiscithe don tuarascáil seo an tréimhse ón 20 Meitheamh 2024 go dtí an 19 Meitheamh 2025.

Cuirtear an pá meánach agus airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne fhireann agus d'fhostaithe den inscne bhaineann in iúl mar chéatadán den phá meánach agus airmheánach san uair an chloig d'fhostaithe den inscne fhireann atá fostaithe ar bhonn lánaimseartha, ar bhonn páirtaimseartha agus ar bhonn sealadach ar an dá thuairisc.

Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda pá ceathairíle, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.

Míneofar sa tuarascáil seo an Bhearna Phá idir na hInscní sa Choimisiún Pleanála agus na bearta atá á ndéanamh nó atá beartaithe a dhéanamh chun aon bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó a dhíothú.

## Próifíl Fostaíochta

Bhí 289 bhfostaí ag an gCoimisiún Pleanála amhail an 19 Meitheamh 2025, lenar áiríodh 14 Choimisinéir. Bhí seisear ball foirne páirtaimseartha san iomlán ann, agus ní raibh aon bhall foirne sealadach ann.

Ba iad na critéir a cuireadh i bhfeidhm do bhaill foirne pháirtaimseartha ná baill foirne a oibríonn 60% den ghnáthsheachtain oibre (21 uair sa tseachtain) nó níos lú.

## Sonraí

Ba iad baill den Fhoireann Acmhainní Daonna a rinne an phróiseáil ar fad i gcomhar le fostaithe ón bhFoireann Airgeadais agus ar aon dul le hoibleagáidí Cosanta Sonraí. I gcás na sonraí uile a úsáideadh chun an tuarascáil seo a chur le chéile, ba iad fostaithe a bhfuil rochtain acu ar na sonraí sin mar chuid dá ngnáthdhualgais laethúla laistigh d'Aonad Acmhainní Daonna an Choimisiúin Pleanála a phróiseáil iad.


Rinne an tAonad Acmhainní Daonna suirbhé inscne ar fhostaithe chun go bhféadfaí inscne a chur ar áireamh go córasach. Bhí sé de rogha ag fostaithe iad féin a aithint mar dhaoine den inscne fhireann, mar dhaoine den inscne bhaineann nó mar dhaoine neamhdhénártha. Tugadh an rogha sin dóibh mar gheall ar an gceart atá ag gach saoránach chun féinchinntiúcháin i ndáil le hinscne, mar a chumhdaítear leis an dlí faoin Acht um Inscne a Aithint, 2015. Tugadh an rogha sin dóibh freisin mar gheall ar an bhfreagracht atá orainn cabhrú le timpeallacht a chruthú ina mbraitheann fostaithe go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo ag an obair i ndáil lena sainrogha phearsanta inscne.

Is staitisticí comhcheangailte iad na staitisticí uile sa tuarascáil seo, agus ní shainaithnítear aon daoine aonair iontu.

## An Bhearna Mheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní

Is ionann an bhearna mheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an meánphá san uair an chloig a fhaigheann daoine neamhdhénártha agus mná laistigh dár n-eagraíocht agus é sin a fhaigheann fir laistigh dár n-eagraíocht. Ba é an bhearna mheánach phá do mhná (B) san eagraíocht ná 6.1%.

Ba é an bhearna mheánach phá do dhaoine neamhdhénártha (ND) san eagraíocht ná 46.8%.




## An Bhearna Airmheánach Phá san Uair an Chloig idir na hInscní

Is ionann an bhearna airmheánach phá idir na hinscní agus an difríocht idir an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann daoine neamhdhénártha, an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann mná, agus an pá airmheánach san uair an chloig a fhaigheann fir. Cuirtear na figiúirí don duine a fhaigheann an lárphá i ngach catagóir i gcomparáid le chéile. Ríomhtar an pá airmheánach san uair an chloig trí na fostaithe uile a rangú ón duine is airde pá go dtí an duine is ísle pá agus tríd an bpá san uair an chloig a fhaigheann an duine sa lár a thógáil.

Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná (B) san eagraíocht ná **19.8%**.

Ba é an bhearna airmheánach phá do dhaoine neamhdhénártha (ND) san eagraíocht ná **44.3%**.




## Baill Foirne Lánaimseartha, Baill Foirne Pháirtaimseartha, agus Baill Foirne Shealadacha

### Baill Foirne Lánaimseartha

Bhí 283 bhall foirne lánaimseartha ann – 128 bhfear, 154 bhean, agus ball foirne neamhdhénártha amháin.

I gcás na mban (B), ba é an bhearna mheánach phá ná **5.5%**,
agus ba é an bhearna airmheánach phá ná **16.9%**.

I gcás daoine neamhdhénártha (ND), ba é an bhearna mheánach phá ná **44.2%**,
agus ba é an bhearna airmheánach phá ná **46.7%**.


### Baill Foirne Pháirtaimseartha


Bhí seisear ball foirne páirtaimseartha ann – cúigear ban agus ball foirne neamhdhénartha

amháin.

## Baill Foirne Shealadacha

Ní raibh aon bhaill foirne shealadacha ann sa Choimisiún Pleanála amhail an 19 Meitheamh 2025.




## Miondealú de réir Rannóige

Den 289 mball foirne:


- Bhí 14 bhall foirne ar an gCoimisiún; ochtar fear, agus seisear ban.
  *Ba é an bhearna mheánach phá do mhná i róil Choimisinéara ná 32.2%*
  *Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná i róil Choimisinéara ná 0.3%*


- Bhí 27 mball foirne ann i róil Ardbhainistíochta; 13 fhear, agus 14 bhean.
  *Ba é an bhearna mheánach phá do mhná i róil Ardbhainistíochta ná 25.4%*
  *Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná i róil Ardbhainistíochta ná 6.2%*

- Bhí 100 ball foirne ann i ngráid Chigireachta; 49 bhfear, agus 51 bhean.
  *Ba é an bhearna mheánach phá do mhná i róil Chigireachta ná -8.1%*
  *Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná i róil Chigireachta ná -5.5%*

- Bhí 148 mball foirne ann i ngráid Riaracháin; 58 bhfear, 88 mbean, agus beirt bhall foirne neamhdhénártha.
  *Ba é an bhearna mheánach phá do mhná i róil Riaracháin ná -9.5%*
  *Ba é an bhearna airmheánach phá do mhná i róil Riaracháin ná -5.6%*

  *Ba é an bhearna mheánach phá do dhaoine neamhdhénártha i róil Riaracháin ná 2.8%*
  *Ba é an bhearna airmheánach phá do dhaoine neamhdhénártha i róil Riaracháin ná -2.5%*





***An Coimisiún**: Coimisinéir, Leas-Phríomhchoimisinéir.*
***An Lucht Ardbhainistíochta**: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach, Stiúrthóirí, Stiúrthóirí Cúnta, Oifigigh Shinsearacha Riaracháin*
***An Chigireacht**: Cigirí Sinsearacha Pleanála, Cigirí Pleanála, Speisialtóirí, Intéirnigh Phleanála.*
***Gráid Riaracháin**: Oifigigh Shinsearacha Feidhmiúcháin, Oifigigh Feidhmiúcháin, Cúntóirí Riaracháin.*


## Ceathairíleanna Ioncaim

Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda pá ceathairíle, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.





## Ceathairíleanna Aoise

Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda ceathairíle d'aois, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair



## Ceathairíleanna Seirbhíse ina mBlianta

Sa tuarascáil seo, féachtar ar an líon fear, an líon ban agus an líon daoine neamhdhénártha ar fud ceithre bhanda ceathairíle de bhlianta seirbhíse, is iad sin: (1) An Cheathairíl Íochtair; (2) An Cheathairíl Íosláir; (3) An Cheathairíl Uasláir; agus (4) An Cheathairíl Uachtair.



## Conclúidí

Mar fhostóir comhdheiseanna, tá an Coimisiún ag déanamh iarracht le blianta beaga anuas an chothromaíocht inscne a fheabhsú ag gach leibhéal trí athbhreithniú a dhéanamh ar thacaí agus beartais chun a chinntiú go ndéanann siad difear agus go bhfuil siad intomhaiste. Tháinig roinnt feabhsuithe ar an mbearna phá idir na hinscní sa bhliain seo a chuaigh thart mar thoradh air sin.

Leantar ar aghaidh leis an obair sin trí raon tacaí foirne atá ar bun sa Choimisiún, agus cuireadh an-iarracht isteach le blianta beaga anuas chun ár gcothromaíocht inscne a fheabhsú ag leibhéal ardbhainistíochta, lena n-áirítear tacú go gníomhach le tionscnaimh a thacaíonn le teaghlaigh, amhail obair hibrideach, postroinnt, scéimeanna saoire reachtúla, agus an scéim um bliain oibre níos giorra.

Is mó an líon ban ná an líon fear atá i bpoist Ardbhainistíochta anois. Is mó an líon ban ná an líon fear atá ceaptha mar Choimisinéirí freisin. Is iad mná a shealbhaíonn sciar níos airde de na róil i ngráid riaracháin, áit a bhfuil an meánphá san uair an chloig níos ísle ná é sin i ngráid eile. Fágann sé sin gurb ísle an meánráta foriomlán pá san uair an chloig i measc na mban ná i measc na bhfear san eagraíocht.

Tríd is tríd, tá comhghaol ann idir an meánlíon blianta seirbhíse agus an meánphá san uair an chloig. Tá an tuarastal ailínithe le scálaí pá na Státseirbhíse, agus tá gach ball foirne ailínithe le gráid phá lena bhforáiltear do phá comhionann as obair chomhionann, beag beann ar inscne.

Is ag gach grád atá scálaí pá a chinntear de réir scálaí tuarastail bhreisíoch, agus téann gach fostaí ar aghaidh chuig an gcéad phointe eile den scála gach bliain. Cinntear scálaí tuarastail níos airde de réir sinsearachta i ngrád ar leith chomh maith, rud a bhfuil comhghaol aige freisin leis an meánlíon blianta seirbhíse laistigh den eagraíocht agus nach féidir a chur síos d’inscne.

Chomh maith leis sin, tháinig feabhas ar phá san uair an chloig do bhaill foirne riaracháin a bhfuil ardlíon blianta seirbhíse curtha isteach acu nuair a tugadh an scála pá níos airde do Chúntóirí Riaracháin isteach níos luaithe i mbliana.

Laistigh de na gráid is ísle pá, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil mná ar phointe níos airde den scála pá ná fir ar an meán, mar gheall ar an tseirbhís níos faide atá curtha isteach acu sna gráid sin.

Ina theannta sin, tá difríocht ann idir an pá airmheánach san uair an chloig agus an pá meánach san uair an chloig i gcás daoine neamhdhénártha (ND) laistigh den eagraíocht,

toisc gurb ionann iad sin agus fothacar den eagraíocht atá níos óige ar an meán agus ar lú an líon blianta seirbhíse atá curtha isteach aige ná an meánlíon blianta seirbhíse i gcatagóirí eile inscne.

Cé go bhfuil an comhghaol sin idir seirbhís agus pá san uair an chloig léirithe sa phá níos airde a fhaigheann mná sna gráid riaracháin agus chigireachta, tá an pá a fhaigheann fir i bpoist ardbhainistíochta agus i bpoist ar leibhéal an choimisiúin níos airde ná an meán, rud atá ag teacht salach ar an treocht fhoriomlán laistigh den eagraíocht.

## Conas atá an bhearna phá idir na hinscní á díothú againn?

Tá rún daingean ag an gCoimisiún Pleanála aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne trí bhearta a bhfuil neart againn orthu. Leanfaidh an eagraíocht le tionscnaimh a chur chun cinn a bhfuil mar aidhm leo tacú le cothromaíocht inscne inár bhfórsa saothair. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscnaimh sin:

Bearta inmheánacha chun bearnaí pá idir na hinscní san eagraíocht a bhainistiú.

| **Tionscnamh** | **Teicníc** |
|---|---|
| Boird Agallaimh | A chinntiú gurb iad boird roghnúcháin atá cothromaithe ó thaobh inscne de a sheolann ár bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin<br><br>Oiliúint a chur ar ár mboird roghnúcháin uile ar theicnící cothromasacha dea-chleachtais |
| Oiliúint Éigeantach | Glacann gach ball foirne nua-earcaithe páirt in oiliúint Comhionannais agus Éagsúlachta mar chuid dá n-oiliúint ionduchtúcháin. Cuirtear oiliúint Measa agus Dínite ar áireamh inti freisin faoi láthair. |
| Foghlaim agus Forbairt | Tugtar spreagadh do bhaill foirne leas a bhaint as deiseanna agus tacaí foghlama agus forbartha a sholáthraítear ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach |
| Obair Sholúbtha | Tarraingítear aird na mball foirne ar na tacaí sonracha atá ar fáil, agus raon cineálacha difriúla saoire agus socruithe oibre ann. Tá obair hibrideach i bhfeidhm le roinnt blianta anuas do gach ball foirne agus do gach Coimisinéir. |
| Oiliúint ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta | Reáchtáladh clár oiliúna do gach ball foirne agus bainisteoir i ráithe 1 den bhliain 2025. |

Na bearta atá beartaithe a dhéanamh chun aon bhearna phá idir na hinscní a laghdú nó a dhíothú

| Tionscnamh | Teicníc |
|---|---|
| Suirbhéanna agus ceardlanna timpeallachta | Tá rún daingean ag an gCoimisiún Pleanála cultúr measa, dínite, comhionannais agus cothroime a chothú. Úsáidtear ceardlanna agus suirbhéanna chun dul i dteagmháil le comhghleacaithe chun teacht ar bhealaí inar féidir tionscnaimh a sholáthar lena leantar le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn ar mhaithe le timpeallacht oibre níos cothroime agus níos éagsúla a bhaint amach. |
| Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | Soláthar an Dréacht-Bheartais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón gCoimisiún Pleanála a chur ar aghaidh. |
| Seisiúin faisnéise maidir le hobair sholúbtha | Sraith seisiún faisnéise a sheoladh a bheidh deartha chun comhghleacaithe a chur ar an eolas faoi na cineálacha difriúla saoire atá ar fáil, lena n-áireofar seisiúin ar thacaí Sos Míostraithe agus roghanna saoire a thacaíonn le teaghlaigh agus ar conas is féidir na tacaí agus na roghanna sin a rochtain. |
| Oiliúint ar Dhínit ag an Obair | Tá oiliúint ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach agus ar mheas agus dínit á cur i bhfeidhm i ráithe 4 i mbliana, agus beidh sí éigeantach do gach ball foirne agus gach coimisinéir pleanála de chuid an Choimisiúin Pleanála. |
| Oiliúint ar an bPlean Straitéiseach | Tá an Plean Straitéiseach ón gCoimisiún Pleanála á fhorbairt faoi láthair, agus soláthrófar oiliúint ar luachanna tar éis an plean sin a sheoladh. |

## Aguisín

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá san uair an chloig idir na hinscní ar fud raon méadrachtaí, mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Tá na sonraí atá leagtha amach thíos bunaithe ar an tréimhse dhá mhí dhéag suas go dtí an 19 Meitheamh 2025.

## An Bhearna Mheánach Fhoriomlán agus an Bhearna Airmheánach Fhoriomlán

| Meánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | 5.5% |
| **F** | n/b |
| **ND** | 44.2% |

| Meánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | n/b |
| **F** | n/b |
| **ND** | 25.6% |

| Meánach – Iomlán | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | 6.1% |
| **F** | n/b |
| **ND** | 44.3% |

| Airmheánach – Lánaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | 16.9% |
| **F** | n/b |
| **ND** | 46.7% |

| Airmheánach – Páirtaimseartha | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | n/b |
| **F** | n/b |
| **ND** | 24.7% |

| Airmheánach – Iomlán | |
|---|---|
| **Inscne** | **Bearna Phá** |
| **B** | 19.8% |
| **F** | n/b |
| **ND** | 46.8% |

## An Bhearna Mheánach agus an Bhearna Airmheánach de réir Rannáin

| Pá Meánach de réir Rannáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Inscne** | **An Lucht Riaracháin** | **Na Coimisinéirí** | **An Chigireacht** | **An Lucht Ardbhainistíochta** |
| **B** | -9.5% | 32.2% | -8.1% | 25.4% |
| **F** | n/b | n/b | n/b | n/b |
| **ND** | 2.8% | n/b | n/b | n/b |

| Pá Airmheánach de réir Rannáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Inscne** | **An Lucht Riaracháin** | **Na Coimisinéirí** | **An Chigireacht** | **An Lucht Ardbhainistíochta** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **B** | -5.6% | 0.3% | -5.5% | 6.2% |
| **F** | n/b | n/b | n/b | n/b |
| **ND** | -2.5% | n/b | n/b | n/b |

## Ceathairíleanna

| Ceathairíleanna Ioncaim | B | F | ND |
|---|---|---|---|
| **Uachtair** | 56% | 44% | n/b |
| **Uasláir** | 46% | 54% | n/b |
| **Íosláir** | 63% | 35% | 3% |
| **Íochtair** | 56% | 44% | n/b |

| Ceathairíleanna Aoise | B | F | ND |
|---|---|---|---|
| **Uachtair** | 64% | 36% | n/b |
| **Uasláir** | 54% | 46% | n/b |
| **Íosláir** | 47% | 53% | n/b |
| **Íochtair** | 54% | 43% | 3% |

| Ceathairíleanna Seirbhíse ina mBlianta | B | F | ND |
|---|---|---|---|
| **Uachtair** | 68% | 32% | n/b |
| **Uasláir** | 57% | 43% | n/b |
| **Íosláir** | 40% | 58% | n/b |
| **Íochtair** | 54% | 44% | 1% |

Ina ainneoin sin, glactar leis go léirítear sna rátaí a bhaineann lenár mBearna Phá idir na hInscní, mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo, gur ann do shraith difríochtaí nuair a fhéachtar ar an scéal foriomlán agus nuair a fhéachtar ar an ní ag leibhéal níos gráinní.